
Please see English Version Below

# Nuachtlitir Aibreán 2014

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.





## Lá Álainn Dainín

**Tar éis uaireanta fada taighde, na mílte samplaí éadach, plaisteach agus eile a thriail, tá an chéad leabhar tadhaill nó “touch ‘n’ feel” le foilsiú againn. Cuireann [Lá Álainn Dainín] cur síos ar lá gnóthach i saol Dainín, tíogar beag an Spidéil, agus tá an eilimint tadhaill curtha leis. Go bhfios dúinn is é seo an chéad bhunleabhar tadhaill a foilsíodh riamh sa Ghaeilge. Is é seo an ceathrú leabhar sa tsraith agus tá áthas orainn a rá go bhfuil cáil Dainín ag méadú, i gcéin is i gcóngar. Beidh Lá Álainn Dainín ar fáil sna siopaí go luath agus tá súil againn go dtaitneoidh sé libh!**

## Féilte


**Tá seasúr na bhféilte tosaithe agus beidh Futa Fata i lár an aonaigh as seo go ceann míosa! Beidh féile mhór na litríochta, [Cúirt] ar siúl an mhí seo i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Ón 08 – 13 Aibreán, beidh scóth na scríbhneoirí ag tuirling ar an mbaile le himeachtaí a chur ar fáil d’óg agus d’aosta. Ar an 8ú agus an 9ú Aibreán, tabharfaidh Tadhg Mac Dhonnagáin agus Ailbhe Nic Giolla Bhríghde cuairt ar Leabharlann na Ceathrún Rua le seisiún beo bríomhar a chur ar fáil do pháistí scoile Chonamara. Ó dheas ansin go Ciarraí le Tadhg, áit a mbeidh**

sé ar stáitse in Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin mar chuid de Féile na Bealtaine a bheas ar siúl 1-5 Bealtaine. Beidh Patricia Forde ann chomh maith céanna, ag léamh.




## Aonach Leabhar na bPáistí, Bologna

**Chaith Futa Fata cúpla lá an mhí seo caite ag Aonach Leabhar na bPáistí i mBologna na hIodáile. Cuireadh an-spéis in go leor dár saothar agus is cúis áthais dúinn a fhógairt go mbeidh An Coileach Codlatach le Nuala Nic Con Iomaire agus maisithe ag Donough O Malley le foilsiú i mbliana in Araibis! Seo é an céad leabhar dár gcuid le foilsiú sa teanga sin. Coc-a-dudal-dú!**




## Tairiscint an tEarrach!


**Ardaíonn sé ár gcroíthe go bhfuil beagán faid tagtha ar an lá faoi dheireadh! Tá muid ar bís le dul ag obair sa ghairdín, nó go mbainfidh muid sa bhFómhar. Is iontach an caitheamh aimsire í an gharradóireacht do pháistí óga. Chuige sin le cabhrú libh tús a chur le tograí garraíodóireachta, tá lascaine iontach againn de 50% ar Gáirdín an Nádúir agus An tEolaí Óg – Sa Ghairdín! Tapaigí an deis iontach seo ar www.futafata.ie amháin atá sé ar fáil.**

**Tá súil againn go mbeidh Cáisc iontach agaibh ar fad!**

---

Leagan Béarla Thíos

---




## Dainín's Lovely Day

After many research hours and hundreds of fabric samples we are finally ready to present our first ever touch 'n' feel book (leabhar tadhaill)! We are super-excited about this one – the fourth in our hugely popular Dainín series, Lá Álainn Day is a day in the life of the lovable tiger.


## Festivals

Festival season is kicking off again and Futa Fata is looking forward to getting out and meeting young fans and readers! Cúirt is first up, running from 08 – 13th April, the Galway based festival will host an exciting range of events for both young and old. Tadhg Mac Dhonnagáin and Ailbhe Nic Giolla Bhríghde will visit Carraroe library for a couple of lively sessions with Connemara school children on the 8th and 9th. Féile na Bealtaine is another exciting arts festival which runs in Kerry form 1-5 May. Young Futa Fata fans can pop along to Ionad an Bhlascaoid for a free story and songs session with Tadhg Mac Dhonnagáin. Patricia Forde will also be reading at Féile na Bealtaine in Bunscoil an Chlochair.




## Children's Book Fair, Bologna

Futa Fata had an exciting few days at Bologna Children's Book Fair last week. It was a busy few days meeting with agents and publishers but it was not in vain! We are delighted to announce our first confirmed new contract: An Coileach Codlatach by Nuala Nic Con Iomaire and illustrated by Donough O'Malley will be published in Arabic this year! Coc-a-dudal-dú!




## Spring Special Offer

**Finally, we have a stretch in the evenings! We are so excited to get out in the garden and sow, sow, sow! Gardening is a lovely pastime to introduce to children so to help get you started on exciting garden projects and learn more about how plants grow, we have an exciting offer for you. Gairdín an Nádúir and An tEolaí Óg – Sa Ghairdín are available exclusively on our website with a massive 50% discount! Happy gardening!**

**Wishing you all a wonderful Easter!**

Futa Fata ar Facebook | Twitter | YOUTUBE | ar aghaidh |

**Seoladh oifige:**
Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie
www.futafata.ie

*Ceart ar cosaint © 2014 All rights reserved*

*Reps: **O'Brien Press***

Distributors/Dáilitheoirí:Gill & Macmillan/ IES / Argosy/ Book Nest

Faigheann Futa Fata tacaíocht leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.